2024/2145

27.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2145 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Iúil 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le faisnéis a mhalartú i gCóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam de bhun Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2), Airteagal 10(4) agus Airteagal 19 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2399, bunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam ('Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam'). Ina theannta sin, cuirtear creat ar fáil leis le haghaidh comhar digiteach idir údaráis chustaim agus údaráis neamhchustaim trí bhíthin trí phríomh-chomhpháirt: Córais neamhchustaim an Aontais lena mbainistítear foirmiúlachtaí neamhchustaim sonracha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399, timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam, agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam (CSW-CERTEX AE).

(2) Le CSW-CERTEX AE, is féidir faisnéis a mhalartú idir na córais chustaim náisiúnta agus córas neamhchustaim an Aontais. Is iondúil go dtionscnaítear an malartú sin trí na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam nuair a thaisceann oibreoir eacnamaíoch dearbhú custaim nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin ina bhfuil uimhir thagartha an doiciméid tacaíochta arna eisiúint ag an údarás inniúil comhpháirtíochta ábhartha. Chun go ndéanfaidh CSW-CERTEX AE rialuithe agus próisis uathoibrithe, is gá rialacha mionsonraithe a leagan amach chun nósanna imeachta custaim agus neamhchustaim an Aontais a chomhtháthú agus a ailíniú ar bhealach níos fearr, ionas go bhfeidhmeoidh siad gan uaim.

(3) I bhfianaise chinntí éagsúla riaracháin na n-údarás inniúil comhpháirtíochta, a léirítear sna doiciméid tacaíochta, agus i bhfianaise na nósanna imeachta éagsúla nó an ath-onnmhairithe ar féidir na doiciméid tacaíochta a úsáid ina leith, is iomchuí tábla rialacha a chur isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart an tábla sin a úsáid mar uirlis mhapála chun an nós imeachta custaim ábhartha nó an t-ath-onnmhairiú a ailíniú leis an gcinneadh riaracháin faoi seach ón údarás inniúil comhpháirtíochta agus *vice versa* – próiseas ar a dtugtar trasfhoirmiú gnó sonraí. Ba cheart liosta a bheith sa tábla sin de gach nós imeachta custaim, stádas féideartha agus cinneadh riaracháin a léirítear sna doiciméid tacaíochta le haghaidh foirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399, cé is moite den Chóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh ('ICSMS'). Le CSW-CERTEX AE, ba cheart an malartú sonraí is gá le ICSMS a éascú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2248 ón gCoimisiún ([2]) chun comhar idir údaráis chustaim agus údaráis um fhaireachas margaidh a áirithiú.

([1]) IO L 317, 9.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2399/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2248 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2021 lena sonraítear mionsonraí an chomhéadain leictreonaigh idir córais chustaim náisiúnta agus an córas faisnéise agus cumarsáide maidir le faireachas margaidh, agus na sonraí atá le tarchur trí mheán an chomhéadain sin (IO L 453, 17.12.2021, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2248/oj).

(4) Chun an láimhseáil sonraí sa phróiseas imréitigh custaim a chuíchóiriú, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh an deis ag údaráis chustaim agus ag údaráis inniúla chomhpháirtíochta an fhaisnéis is gá chun foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh a mhalartú agus a fhíorú go huathoibríoch tar éis d'oibreoir eacnamaíoch dearbhú custaim nó dearbhú ath-onnmhairiúcháin a chur isteach. Chuige sin, ba cheart a áirithiú le CSW-CERTEX go bhfuil sonraí custaim agus neamhchustaim comhoiriúnach trína bhformáid nó trína struchtúr a thrasfhoirmiú, i gcás inar gá, gan a n-inneachar a athrú. Tugtar trasfhoirmiú teicniúil sonraí ar an bpróiseas sin. Is gá rialacha a leagan síos maidir le mapáil idir na heilimintí sonraí a áirítear in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([3]) agus Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([4]), agus na heilimintí sonraí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2514 ([5]).

(5) Le CSW-CERTEX AE, ós rud é nach féidir i gcónaí bríonna beachta na sonraí a chuirtear isteach i bhfoirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais a mhapáil go díreach leis na bríonna a chuirtear isteach san fhoirmiúlacht chustaim faoi seach, is iomchuí eilimintí sonraí sonracha a chruthú atá ceaptha chun neamhréireachtaí mapála den sórt sin a réiteach. Níor cheart na heilimintí sonraí sonracha sin a leabú go dlíthiúil in aon fhoirmiúlacht chustaim ná neamhchustaim de chuid an Aontais, toisc nach gceanglaítear ar an oibreoir eacnamaíoch ná ar an údarás custaim iad a tharchur. Ina ionad sin, is gá na heilimintí sonraí sin a áireamh sa Rialachán seo chun ailíniú agus tiontú rianúil sonraí a áirithiú idir nósanna imeachta custaim agus ath-onnmhairiú, ar thaobh amháin, agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais, ar an taobh eile.

(6) Le hAirteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2022/2399, leagtar síos na cineálacha éagsúla malartaithe faisnéise agus feidhmiúlachtaí a bheifear in ann a dhéanamh le CSW-CERTEX AE. Is iomchuí na feidhmiúlachtaí lena gcumasaítear na cineálacha malartaithe faisnéise sin a shonrú a thuilleadh. Chun gur féidir comhlíonadh iomlán uathoibrithe foirmiúlachtaí custaim agus neamhchustaim agus aon aistriú uathoibrithe sonraí eile idir na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta ábhartha a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais lena mbunaítear foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a bheith ann, ba cheart a bheith in ann na feidhmiúlachtaí sin a úsáid ina n-aonar nó i gcomhcheangal le chéile, de réir mar is gá.

(7) Tá malartú uathoibrithe na faisnéise is gá le córais neamhchustaim an Aontais ar cheann de na feidhmeanna gnó is tábhachtaí a sholáthraítear le CSW-CERTEX AE do riaracháin chustaim náisiúnta na mBallstát. Chuige sin, le CSW-CERTEX AE ba cheart a bheith in ann doiciméid tacaíochta a aisghabháil ó chórais neamhchustaim an Aontais, na sonraí a áirítear sna doiciméid sin a mhapáil agus na sonraí sin a tharchur chuig na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. I gcás inar gá, ba cheart an próiseas sin a dhéanamh arís ionas go mbeifear in ann fógraí a fháil tríd an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam nuair a athraíonn stádas doiciméid tacaíochta de réir paraiméadair shonracha.

(8) Chun feabhas a chur ar chruinneas agus iontaofacht oibríochtaí custaim agus neamhchustaim ar fud an Aontais, agus chun na rioscaí calaoise agus brionnaithe doiciméad a laghdú, is gá feidhmiúlacht uathoibrithe a bhunú in CSW-CERTEX AE chun a fhíorú nach sáraíonn na cainníochtaí a dhearbhaítear sna dearbhuithe custaim agus sna dearbhuithe ath-onnmhairiúcháin na cainníochtaí údaraithe a léirítear sna doiciméid tacaíochta. Má éiríonn le fíoruithe uathoibrithe, ba cheart do chórais neamhchustaim an Aontais na cainníochtaí dearbhaithe a chur in áirithe agus ba cheart do CSW-CERTEX AE toradh na gcainníochtaí earraí forchoimeádta a tharchur chuig na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam. Má thagann neamhréireachtaí chun solais trí na fíoruithe uathoibríocha, ba cheart do CSW-CERTEX AE na cúiseanna leis na háirithintí ar theip orthu a chur in iúl do na

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2514 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na heilimintí sonraí atá le malartú trí Chóras Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam a shonrú agus leasú a dhéanamh ar an Rialachán sin a mhéid a bhaineann leis an liosta d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chumhdaítear le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais maidir le Custaim (IO L, 2024/2514, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2514/oj).

timpeallachtaí sin. Nuair a éiríonn leis an áirithint agus nuair a scaoiltear nó nuair a ath-onnmhairítear na hearraí, ba cheart do CSW-CERTEX AE faisnéis a aisghabháil maidir leis na cainníochtaí a scaoileadh nó a ath-onnmhairíodh ó na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus í a tharchur chuig na córais neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais, lena marcáiltear an chainníocht arna cur in áirithe mar chainníocht thomhailte. Os a choinne sin, mura scaoiltear na hearraí, ba cheart do CSW-CERTEX AE na céimeanna céanna a leanúint, agus ba cheart do chórais neamhchustaim an Aontais na cainníochtaí sin a thaifeadadh mar chainníochtaí nár cuireadh in áirithe ná nár tomhlaíodh.

(9) Chun sláine agus faireachán éifeachtach an phróisis imréitigh earraí a áirithiú, is iomchuí foráil a dhéanamh, tar éis dearbhú custaim a leasú nó a neamhbhailíochtú tar éis scaoileadh na n-earraí, gur cheart sonraí a mhalartú idir na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta agus córais neamhchustaim an Aontais maidir le cainníochtaí earraí atá tugtha cothrom le dáta nó tarraingthe siar trí CSW-CERTEX AE.

(10) Chun a áirithiú go leanfaidh oibríochtaí custaim de bheith inoiriúnaithe agus freagrúil d'imthosca gan choinne, ba cheart na húdaráis chustaim a bheith in ann, in imthosca eisceachtúla agus freagracht iomlán orthu, gabháil treise ar fhíoruithe uathoibrithe agus ar fheidhmeanna uathoibrithe a dhéantar trí CSW-CERTEX AE. Leis an idirghabháil sin, ba cheart é a chur ar a gcumas do na húdaráis chustaim treoir a thabhairt do CSW-CERTEX AE na cainníochtaí sonracha earraí a luaitear sa doiciméad tacaíochta a leasú, glacadh leo, nó diúltú dóibh. Ansin, ba cheart CSW-CERTEX AE a bheith in ann toradh na ngníomhaíochtaí sin a tharchur chuig an gcóras neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais, agus é á áirithiú go ndéanfar na hathruithe uile a dhoiciméadú agus a chur in iúl i gceart.

(11) D'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar údaráis chustaim le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í faisnéis bhreise a sholáthar chun foirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais a chomhlíonadh aon uair a dhéantar tagairt do dhoiciméad tacaíochta i ndearbhú custaim. Chun comhlíontacht leis an gceanglas sin a áirithiú, le CSW-CERTEX AE ba cheart aisghabháil na faisnéise sin ó na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a éascú agus í a chur ar fáil do chórais neamhchustaim iomchuí an Aontais. Leis an bhfeidhmiúlacht sin, ba cheart na húdaráis chustaim a bheith in ann an fhaisnéis bhreise a tharchuirtear chuig córais neamhchustaim an Aontais a leasú nó a scriosadh freisin.

(12) Chun sreabhadh faisnéise rianúil a áirithiú ar fud chórais chustaim agus neamhchustaim an Aontais, ba cheart timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a bheith in ann liosta sonrach de dhoiciméid tacaíochta a iarraidh ar na córais neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le feidhmiúlacht lena gceadaítear don timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam liosta de dhoiciméid tacaíochta a iarraidh agus a fháil, trí CSW-CERTEX AE, i gcás inarb ábhartha laistigh de pharaiméadair shonracha, agus iarrataí den sórt sin a dhéanamh arís faoi choinníollacha áirithe.

(13) Is gá socruithe teagmhasacha áirithe a bhunú ar fhaitíos nach mbeadh CSW-CERTEX AE ar fáil. Le Rialachán (AE) 2022/2399, ní dhéantar difear d'fhorálacha lena dtagraítear d'fhoirmiúlachtaí custaim nó do reachtaíocht shonrach an Aontais seachas an reachtaíocht chustaim dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, aon mhalartú faisnéise a dhéantar nuair nach bhfuil CSW-CERTEX AE ar fáil, ba cheart é a dhéanamh i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais seachas an reachtaíocht chustaim is infheidhme maidir le foirmiúlacht shonrach neamhchustaim an Aontais.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

(14) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2399, bunóidh an Coimisiún rialacha sonracha, i gcás inarb iomchuí, chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú le linn malartú faisnéise trí CSW-CERTEX AE. Anuas air sin, bunóidh an Coimisiún freagrachtaí faoi seach na n-údarás custaim, na n-údarás inniúil comhpháirtíochta agus an Choimisiúin a ghníomhaíonn mar rialaitheoirí comhpháirteacha de bhun Airteagal 7(1) den Rialachán sin, maidir le próiseáil sonraí pearsanta in CSW-CERTEX AE, i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialacháin (AE) 2016/679 ([7]) agus (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Thairis sin, nuair a ghníomhaíonn údaráis chustaim, údaráis inniúla chomhpháirtíochta nó an Coimisiún ina n-aonar chun gnéithe sonracha de shonraí pearsanta a phróiseáil agus, dá bhrí sin, nuair a bhíonn freagracht neamhspleách orthu as an bpróiseáil sin, ba cheart na heintitis sin a shainaithint mar 'rialaitheoirí' nó mar 'rialaitheoir' faoi seach. Chun ailíniú oibríochtúil éifeachtach agus cumarsáid oibríochtúil éifeachtach a choinneáil ar bun i measc na rialaitheoirí comhpháirteacha, is iomchuí don Choimisiún agus do na comhordaitheoirí náisiúnta, dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/2399, sonraí teagmhála agus sonraí ábhartha le haghaidh na rialaitheoirí sin a choinneáil cothrom le dáta.

(15) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le CSW-CERTEX AE a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún, do na húdaráis chustaim agus do na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta oibriú i gcomhar le chéile chun na ceanglais maidir le dearadh teicniúil agus na feidhmiúlachtaí is gá chun na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh le CSW-CERTEX AE agus le córais shonracha neamhchustaim an Aontais a shainiú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2022/2399. Le linn an phróisis comhair sin, is gá freastal ar riachtanais shonracha éagsúla na n-údarás inniúil comhpháirtíochta éagsúil. Thairis sin, arna iarraidh sin do na Ballstáit, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann gníomhaíochtaí píolótacha iomchuí a dhéanamh a bheidh ina rannchuidiú le feidhmiú rianúil CSW-CERTEX AE. Chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain ama ag na Ballstáit a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh le CSW-CERTEX AE, ba cheart don Choimisiún na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh an idirnaisc sin a chur ar fáil do na Ballstáit, ar a dhéanaí, bliain amháin roimh na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399.

(16) Leis an Rialachán seo, ba cheart rialacha a bhunú chun tacú leis na ceanglais oibríochtúla agus leis an amlíne oibríochtúil i dtaca le hidirnascadh na dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam le CSW-CERTEX AE, agus aird ar leith á tabhairt ar na forbairtí TF a éilíonn na Ballstáit sula ndéanfar a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh. Thairis sin, ós rud é gur timpeallacht chomhtháite í Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, agus go n-oibríonn CSW-CERTEX AE go bunúsach idir córais neamhchustaim an Aontais agus na córais chustaim náisiúnta, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfeidhmeoidh gach córas a dhéanfar a idirnascadh le CSW-CERTEX AE mar a bhí beartaithe agus go mbeidh an t-idirnascadh go hiomlán feidhmiúil.

(17) Ós rud é go bhfuil CSW-CERTEX AE oibríochtúil ó bhí 2017 ann, agus go bhfuil na sonraíochtaí teicniúla ar fáil cheana le haghaidh fhoirmiúlachtaí agus chórais neamhchustaim an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399, níor cheart feidhm a bheith ag an riail maidir le hinfhaighteacht sonraíochtaí teicniúla ach amháin maidir le foirmiúlachtaí agus córais neamhchustaim nua de chuid an Aontais agus níor cheart feidhm a bheith aici ach amháin tar éis 2 bhliain ó na dátaí a léirítear san Iarscríbhinn sin.

(18) Na cumhachtuithe in Airteagal 7(2), Airteagal 10(4), agus Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2022/2399, tá nasc struchtúrach agus substainteach eatarthu, toisc go gceadaítear leo faoi seach freagrachtaí na rialaitheoirí comhpháirteacha a bhunú i ndáil le hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta in CSW-CERTEX AE, rialacha a bhunú maidir le malartú faisnéise trí CSW-CERTEX AE, lena n-áirítear sonraí pearsanta, agus clár oibre a bhunú chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais neamhchustaim an Aontais agus na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam faoi na dátaí a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399. Ós rud é go bhfuil siad ailínithe go struchtúrach agus go substainteach, is iomchuí, ar mhaithe le simpliú riaracháin, na cumhachtuithe sin a chomhcheangal in aon ghníomh reachtach amháin, agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le hiomarcaíochtaí, an creat dlíthiúil a chuíchóiriú agus cur chuige aontaithe a áirithiú i leith oibríochtaí próiseáil sonraí pearsanta laistigh de CSW-CERTEX AE.

([7]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([8]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(19) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 31 Bealtaine 2024.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FEIDHMIÚLACHTAÍ TEICNIÚLA CSW-CERTEX AE

Airteagal 1

Nósanna imeachta a shainaithint ar fud réimsí custaim agus neamhchustaim

1. Déanfar trasfhoirmiú gnó sonraí le CSW-CERTEX AE trí na nósanna imeachta custaim ábhartha agus an t-ath-onnmhairiú a mhapáil leis an gcinneadh riaracháin nó leis an stádas riaracháin faoi seach a léirítear sna doiciméid tacaíochta le haghaidh foirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais, nó *vice versa*, lena n-áirítear infheidhmeacht an bhainistithe cainníochta a chinneadh, i gcomhréir leis na táblaí rialacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I ndáil leis an gCóras Faisnéise agus Cumarsáide maidir le Faireachas Margaidh, le CSW-CERTEX AE beifear in ann sonraí a mhalartú chun críche comhair idir údaráis chustaim agus údarás um fhaireachas margaidh i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2248.

Airteagal 2

Mapáil sonraí idir córais chustaim agus neamhchustaim an Aontais

Trí CSW-CERTEX AE, déanfar na heilimintí sonraí a shainaithnítear i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2514 a mhapáil leo siúd a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus déanfar trasfhoirmiú teicniúil ar na heilimintí sonraí sin i gcomhréir leis na táblaí mapála sonraí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Eilimintí sonraí lena mbaineann nósanna imeachta um mapáil indíreach

Eilimintí sonraí laistigh d'fhoirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a shonraítear in Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2514 nach féidir a mheaitseáil go díreach le heilimintí sonraí i bhfoirmiúlachtaí custaim, déanfar iad a mhapáil trí úsáid a bhaint as eilimint sonraí shonrach a shainaithnítear mar 'eilimint sonraí SWE-C AE'.

Airteagal 4

Feidhmiúlachtaí CSW-CERTEX AE a úsáid

Feidhmeoidh feidhmiúlachtaí CSW-CERTEX AE a léirítear sa Chaibidil seo ina n-aonar nó i gcomhcheangal le chéile i dtaca leis an malartú faisnéise agus an phróiseáil faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2022/2399.

Airteagal 5

Feidhmiúlacht seiceála infhaighteachta

1. I gcás ina ndéantar tagairt do dhoiciméad tacaíochta i ndearbhú custaim nó i ndearbhú ath-onnmhairiúcháin, déanfar an méid seo a leanas trí CSW-CERTEX AE:

(a) a fhíorú go bhfuil an doiciméad tacaíochta ar fáil agus é a aisghabháil óna chóras neamhchustaim faoi seach de chuid an Aontais;

(b) na sonraí a áirítear sa doiciméad tacaíochta sin a thrasfhoirmiú i gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 3;

(c) na sonraí, mar aon leis an doiciméad tacaíochta bunaidh arna iarraidh sin, a tharchur chuig an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam inar taisceadh an dearbhú custaim nó an dearbhú ath-onnmhairiúcháin.

2. Má thagann athrú ar stádas doiciméid tacaíochta ar bhealach lena ndéanfaí difear do shainaithint nósanna imeachta i gcomhréir le hAirteagal 1, déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo trí CSW-CERTEX AE ar bhealach uathoibrithe.

Airteagal 6

Bainistiú uathoibríoch cainníochta

1. I gcás ina ndéantar tagairt do dhoiciméad tacaíochta i ndearbhú custaim nó i ndearbhú ath-onnmhairiúcháin, agus ina nglacann údaráis chustaim leis an dearbhú sin agus bainistiú cainníochta á chur i bhfeidhm i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, déanfar an méid seo a leanas trí CSW-CERTEX AE:

(a) na gníomhaíochtaí a shonraítear in Airteagal 5(1), pointe (a), a dhéanamh;

(b) fíorú a tharchur ó chórais neamhchustaim an Aontais chuig na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam lena ndeimhnítear nach mó cainníochtaí sonracha na n-earraí a dhearbhaítear sa dearbhú custaim nó sa dearbhú ath-onnmhairiúcháin ná na cainníochtaí a léirítear sa doiciméad tacaíochta.

2. Má éiríonn leis na fíoruithe dá bhforáiltear i mír 1, cuirfear toradh na háirithinte cainníochta agus ábhar an doiciméid tacaíochta in iúl do na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam trí CSW-CERTEX AE.

3. Maidir le hearraí ar cuireadh cainníocht in áirithe ina leith i gcomhréir le mír 2, i gcás ina scaoiltear nó ina n-ath-onnmhairítear iad, le CSW-CERTEX AE déanfar faisnéis a aisghabháil ón timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta faoi seach maidir le custam i ndáil leis an gcainníocht a scaoileadh nó a ath-onnmhairíodh, agus cuirfear an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na córais neamhchustaim faoi seach de chuid an Aontais, mar a measfar go bhfuil na cainníochtaí sin tomhailte.

4. Maidir le hearraí ar cuireadh cainníocht in áirithe ina leith i gcomhréir le mír 2, i gcás nach scaoiltear iad, le CSW-CERTEX AE déanfar faisnéis a aisghabháil ón timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta faoi seach maidir le custam i ndáil leis an gcainníocht nár scaoileadh agus cuirfear an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig na córais neamhchustaim faoi seach de chuid an Aontais, mar a measfar nár cuireadh in áirithe na cainníochtaí sin ná nár tomhlaíodh iad.

5. Mura n-éireoidh leis na fíoruithe dá bhforáiltear i mír 1, le CSW-CERTEX AE tarchuirfear an chúis leis an áirithint ar theip uirthi chuig an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam.

Airteagal 7

Leasú nó neamhbhailíochtú iar-imréitigh an dearbhaithe custaim

I gcás ina ndéantar dearbhú custaim a leasú i gcomhréir le hAirteagal 173 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 nó a neamhbhailíochtú de bhun Airteagal 174 den Rialachán sin, agus ina ndéantar tagairt do dhoiciméad tacaíochta sa dearbhú custaim i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 den Rialachán seo, gheobhfar an fhaisnéis faoin leasú nó faoin neamhbhailíochtú trí CSW-CERTEX AE ó na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta faoi seach maidir le custam agus tarchuirfear í chuig na córais neamhchustaim faoi seach de chuid an Aontais chun cainníocht na n-earraí a tomhlaíodh a thabhairt cothrom le dáta nó a tharraingt siar. An t-aiseolas maidir le cainníochtaí a thugtar cothrom le dáta nó a tharraingítear siar, tarchuirfear ar ais é chuig an timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam.

Airteagal 8

Bainistiú cainníochta de láimh

1. De mhaolú ar Airteagal 6, féadfaidh na húdaráis chustaim, faoina bhfreagracht iomlán agus in imthosca eisceachtúla, treoir a thabhairt do CSW-CERTEX AE gabháil treise ar na fíoruithe uathoibrithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin, agus cainníochtaí sonracha na n-earraí a dtugtar tuairisc orthu sna doiciméid tacaíochta a leasú, glacadh leo nó diúltú dóibh, de réir mar is iomchuí.

2. Le CSW-CERTEX AE, tarchuirfear toradh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 chuig an gcóras neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais.

Airteagal 9

Feidhmiúlacht cur isteach sna taifid

1. I gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í ar údaráis chustaim faisnéis bhreise a sholáthar chun foirmiúlacht neamhchustaim de chuid an Aontais a chomhlíonadh, agus ina ndéantar tagairt do dhoiciméad tacaíochta le haghaidh na foirmiúlachta neamhchustaim sin de chuid an Aontais i ndearbhú custaim, éascófar le CSW-CERTEX AE aisghabháil na faisnéise breise sin ón timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta faoi seach maidir le custam agus cuirfear ar fáil í don chóras neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais.

2. Féadfaidh údaráis chustaim an fheidhmiúlacht dá dtagraítear i mír 1 a úsáid chun an fhaisnéis bhreise a tarchuireadh chuig córas neamhchustaim an Aontais trí CSW-CERTEX AE a leasú nó a scriosadh.

Airteagal 10

Liosta de dhoiciméid tacaíochta a iarraidh

1. I gcás ina ndéanann timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam liosta sonrach de dhoiciméid tacaíochta, nó sonraí sna doiciméid tacaíochta sin, a iarraidh, le CSW-CERTEX AE déanfar na doiciméid tacaíochta nó na sonraí sin a aisghabháil ón gcóras neamhchustaim ábhartha de chuid an Aontais agus cuirfear ar fáil iad don timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam de réir mar is gá.

2. I gcás ina ndéanann timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam liosta sonrach de dhoiciméid tacaíochta, nó sonraí sna doiciméid tacaíochta sin, a iarraidh ar bhonn tréimhsiúil, sonróidh sí an tréimhse a ndéantar an iarraidh sin ina leith. Sa chás sin, le CSW-CERTEX AE déanfar na doiciméid tacaíochta sin nó na sonraí sin a aisghabháil ón gcóras neamhchustaim de chuid an Aontais agus cuirfear ar fáil iad don timpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam de réir mar is gá agus nuair is gá.

Airteagal 11

Cásanna nach bhfuil CSW-CERTEX AE ar fáil agus socruithe teagmhasacha

1. Cuirfidh an Coimisiún na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta ar an eolas láithreach agus gan mhoill maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon uair atá sé beartaithe nach mbeidh CSW-CERTEX AE ná a fheidhmiúlachtaí ar fáil;

(b) aon uair nach bhfuil CSW-CERTEX AE nó ceann dá fheidhmiúlachtaí ar fáil mar gheall ar chliseadh sealadach.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), déanfar foirmiúlachtaí custaim agus foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a mhalartú idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla chomhpháirtíochta i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í.

CAIBIDIL II

COSAINT SONRAÍ

Airteagal 12

Próiseáil sonraí pearsanta laistigh de raon feidhme an rialaithe chomhpháirtigh

1. Tiocfaidh na gníomhaíochtaí próiseála seo a leanas a dhéantar trí CSW-CERTEX AE faoi raon feidhme an rialaithe chomhpháirtigh idir an Coimisiún, na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta de réir bhrí Airteagal 28(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679:

(a) sonraí pearsanta a fháil ó thimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus ó chórais neamhchustaim an Aontais;

(b) trasfhoirmiú gnó agus teicniúil sonraí pearsanta i gcomhréir le hAirteagail 1, 2 agus 3;

(c) sonraí pearsanta trasfhoirmithe a tharchur chuig timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam nó córais neamhchustaim an Aontais.

2. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag na rialaitheoirí comhpháirteacha, comhlíonfaidh siad Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725.

Airteagal 13

Próiseáil sonraí pearsanta lasmuigh de raon feidhme an rialaithe chomhpháirtigh

1. Measfar gur rialaitheoir é an Coimisiún chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) cothabháil an chórais agus seirbhísiú práinneach;

(b) trasfhoirmiú gnó agus teicniúil sonraí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim agus le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í, gan dochar don trasfhoirmiú a dhéantar de bhun Airteagal 12(1), pointe (b).

2. Measfar gur rialaitheoirí iad gach ceann de na húdaráis chustaim chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás ina n-éilítear sin chun cinntí a dhéanamh maidir le foirmiúlachtaí custaim i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim.

3. Measfar gur rialaitheoirí iad gach ceann de na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta chun sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás ina n-éilítear sin chun foirmiúlachtaí neamhchustaim an Aontais a chomhlíonadh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í is infheidhme maidir le foirmiúlacht neamhchustaim shonrach de chuid an Aontais.

Airteagal 14

Freagrachtaí sonracha an Choimisiúin, na n-údarás custaim agus na n-údarás inniúil comhpháirtíochta

1. Beidh an Coimisiún freagrach as an méid seo a leanas:

(a) príobháideachas trí dhearadh agus príobháideachas trí réamhshocrú a áirithiú agus CSW-CERTEX AE á fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2022/2399;

(b) an liosta d'fhaighteoirí uile na sonraí pearsanta a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta;

(c) a áirithiú go bhfuil gealltanas rúndachta tugtha ag na daoine atá údaraithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil nó go bhfuil siad faoi cheangal oibleagáide rúndachta reachtúla iomchuí;

(d) pointe teagmhála a ainmniú le haghaidh cúrsaí cosanta sonraí;

(e) cúnamh a thabhairt d'údaráis chustaim agus d'údaráis inniúla chomhpháirtíochta freagairt d'iarrataí ó ábhair sonraí, i gcás inar gá.

2. Beidh na húdaráis chustaim freagrach as an méid seo a leanas:

(a) príobháideachas trí dhearadh agus príobháideachas trí réamhshocrú a áirithiú agus an t-idirnasc idir a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam agus CSW-CERTEX AE á fhorbairt i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (5) de Rialachán (AE) 2022/2399;

(b) an liosta d'fhaighteoirí uile na sonraí pearsanta (sna Ballstáit, i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta) a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta;

(c) a áirithiú go bhfuil gealltanas rúndachta tugtha ag na daoine atá údaraithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil nó go bhfuil siad faoi cheangal oibleagáide rúndachta reachtúla iomchuí;

(d) oibriú i gcomhar leis an údarás maoirseachta náisiúnta agus a gcúraimí á gcomhlíonadh;

(e) pointe teagmhála a ainmniú le haghaidh cúrsaí cosanta sonraí;

(f) freagairt d'iarrataí ó ábhair sonraí nuair a sheoltar na hiarrataí sin chucu agus oibriú i gcomhar le húdaráis inniúla chomhpháirtíochta agus leis an gCoimisiún de réir mar is gá i gcomhréir le hAirteagal 16(5) den Rialachán seo.

3. Beidh gach údarás inniúil comhpháirtíochta freagrach as an méid seo a leanas:

(a) an liosta d'fhaighteoirí uile na sonraí pearsanta (sna Ballstáit, i dtríú tíortha agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta) a bhunú agus a choinneáil cothrom le dáta;

(b) a áirithiú go bhfuil gealltanas rúndachta tugtha ag na daoine atá údaraithe chun sonraí pearsanta a phróiseáil nó go bhfuil siad faoi cheangal oibleagáide rúndachta reachtúla iomchuí;

(c) pointe teagmhála a ainmniú le haghaidh cúrsaí cosanta sonraí;

(d) freagairt d'iarrataí ó ábhair sonraí nuair a sheoltar na hiarrataí sin chucu agus oibriú i gcomhar le húdaráis chustaim agus leis an gCoimisiún de réir mar is gá i gcomhréir le hAirteagal 16(5) den Rialachán seo.

Airteagal 15

Slándáil na próiseála

1. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le húdaráis chustaim agus le húdaráis inniúla chomhpháirtíochta, bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun slándáil na próiseála a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) 2016/679 agus Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/1725.

2. Déanfaidh na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta bearta eagraíochtúla iomchuí a chur chun feidhme chun slándáil na próiseála a áirithiú.

3. Na bearta teicniúla agus na bearta eagraíochtúla dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, beidh siad ceaptha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) slándáil, sláine, rúndacht, infhaighteacht agus leanúnachas na sonraí pearsanta a phróiseáiltear a áirithiú, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha;

(b) sonraí pearsanta ar bith atá ina seilbh acu a chosaint ar aon phróiseáil, caillteanas, úsáid agus nochtadh neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, nó ar aon rochtain neamhúdaraithe nó neamhdhleathach ar na sonraí sin;

(c) srian a chur le nochtadh sonraí pearsanta nó rochtain orthu do na faighteoirí beartaithe i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í atá ábhartha maidir leis na foirmiúlachtaí neamhchustaim sonracha de chuid an Aontais.

4. Tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha fógra dá chéile agus cuirfidh siad cúnamh ar fáil i gcás teagmhais slándála, lena n-áirítear sáruithe i ndáil le sonraí pearsanta. Tabharfar fógra den sórt sin tráth nach déanaí ná 48 n-uair an chloig ón uair a thiocfaidh ceann de na rialaitheoirí comhpháirteacha ar an eolas faoin teagmhas slándála.

5. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1725.

6. Tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha fógra dá chéile, in aon chás, faoi na nithe seo a leanas:

(a) aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann nó aon riosca atá ann iarbhír d'infhaighteacht, do rúndacht agus do shláine na sonraí pearsanta a phróiseáiltear in CSW-CERTEX AE;

(b) aon teagmhas slándála a bhaineann leis an oibríocht próiseála.

Airteagal 16

Freagracht na rialaitheoirí comhpháirteacha i leith ábhair sonraí

1. I gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagail 15 agus 16 de Rialachán (AE) 2018/1725, áiritheoidh an Coimisiún, na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta agus na húdaráis chustaim go gcuirfear ábhair sonraí ar an eolas go cuí faoi na hoibríochtaí próiseála a dhéantar faoi chuimsiú an Rialacháin seo agus tabharfaidh siad an ráiteas cosanta sonraí maidir lena gcórais cothrom le dáta dá réir sin.

2. Áiritheoidh na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta go soláthrófar aon fhaisnéis agus aon chumarsáid le hábhair sonraí maidir lena gcearta ar bhealach trédhearcach. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh an fhaisnéis is gá ag na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta chun an fhaisnéis agus an chumarsáid sin a sholáthar ina dhiaidh sin do na hábhair sonraí.

3. Éascóidh an Coimisiún, na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí.

4. Déanfaidh an Coimisiún, na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta iarrataí ó ábhair sonraí a láimhseáil agus oibreoidh siad i gcomhar gan moill mhíchuí chun na hiarrataí sin a láimhseáil agus chun cúnamh tapa éifeachtúil a thabhairt dá chéile.

5. I gcás ina bhfaighidh rialaitheoir comhpháirteach iarraidh ó ábhar sonraí nach dtagann faoina fhreagracht i gcomhréir le hAirteagal 12, cuirfidh sé an iarraidh sin ar aghaidh chuig an rialaitheoir comhpháirteach freagrach go pras agus ar a dhéanaí laistigh de 3 lá féilire tar éis dó an iarraidh a fháil. Cuideoidh an Coimisiún leis an rialaitheoir comhpháirteach atá freagrach a shainaithint.

6. I gcás ina n-iarrann ábhar sonraí rochtain ar shonraí pearsanta agus ina ndéantar na sonraí pearsanta sin a phróiseáil trí CSW-CERTEX AE, rachaidh an rialaitheoir comhpháirteach ar a bhfuil an iarraidh dírithe i gcomhairle leis na rialaitheoirí comhpháirteacha eile sula ndéileálfaidh sé leis an iarraidh.

7. I gcás ina gcinnfidh rialaitheoir comhpháirteach srian a chur le cearta na n-ábhar sonraí le haghaidh gníomhaíochtaí próiseála a thagann lasmuigh de raon feidhme an rialaithe chomhpháirtigh agus a bhaineann le sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a mhalartú de bhun an Rialacháin seo, cuirfidh sé na rialaitheoirí comhpháirteacha eile ar an eolas gan moill mhíchuí.

8. I gcomhréir le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/1725, tabharfaidh an rialaitheoir atá freagrach as sárú i ndáil le sonraí pearsanta fógra do na hábhair sonraí dá ndéantar difear más dócha go mbeidh ardriosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha mar thoradh ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta. Cuirfidh an rialaitheoir atá freagrach na rialaitheoirí eile ar an eolas faoin bhfógra sin.

Airteagal 17

Rochtain ar shonraí pearsanta ag an gCoimisiún, na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta

Gan dochar do na rialacha sonracha maidir le rochtain a fháil ar shonraí pearsanta nó maidir le faighteoirí sonraí pearsanta a chinneadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim nó le reachtaíocht an Aontais nach reachtaíocht chustaim í, ní cheadófar rochtain ar shonraí pearsanta a phróiseáiltear trí CSW-CERTEX AE ach amháin d'fhoireann údaraithe an Choimisiúin, na n-údarás custaim agus na n-údarás inniúil comhpháirtíochta chun CSW-CERTEX AE a bhainistiú agus a oibriú.

Airteagal 18

Fostú próiseálaithe sonraí

1. Tabharfaidh rialaitheoir comhpháirteach fógra do na rialaitheoirí comhpháirteacha eile sula bhfostóidh sé próiseálaí sonraí amháin nó níos mó chun oibríochtaí próiseála a dhéanamh thar a cheann.

2. An fógra dá dtagraítear i mír 1, tabharfar é 5 lá oibre ar a dhéanaí sula dtabharfar an comhaontú próiseála i gcrích le próiseálaí.

Airteagal 19

Ról na gcomhordaitheoirí náisiúnta i gcúrsaí cosanta sonraí

1. Comhordaitheoirí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2022/2399 agus an Coimisiún, áiritheoidh siad go gcoimeádfar sonraí teagmhála na rialaitheoirí comhpháirteacha mar aon le haon fhaisnéis ábhartha eile dá dtagraítear sa Chaibidil seo cothrom le dáta agus go roinnfear na sonraí teagmhála agus an fhaisnéis sin idir na rialaitheoirí comhpháirteacha.

2. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil do na rialaitheoirí comhpháirteacha.

CAIBIDIL III

CLÁR OIBRE

Airteagal 20

Dearadh na bhfeidhmiúlachtaí, na sonraíochtaí teicniúla, agus na ngníomhaíochtaí píolótacha

1. Oibreoidh an Coimisiún, na húdaráis chustaim agus na húdaráis inniúla chomhpháirtíochta i gcomhar maidir le dearadh teicniúil fheidhmiúlachtaí CSW-CERTEX AE.

2. Ar a dhéanaí 1 bhliain roimh na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2399, cuirfidh an Coimisiún ar fáil do na Ballstáit na sonraíochtaí teicniúla le haghaidh idirnascadh na dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam le CSW-CERTEX AE agus leis na córais neamhchustaim shonracha de chuid an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (5) den Rialachán sin.

3. Arna iarraidh sin do na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún gníomhaíochtaí píolótacha a dhéanamh a chuireann le feidhmiú agus dearadh fheidhmiúlachtaí CSW-CERTEX AE i bhfianaise a fheabhsaithe agus a ullmhachta chun idirnascadh le córais neamhchustaim nua de chuid an Aontais agus chun sonraí a mhalartú a theastaíonn chun foirmiúlachtaí neamhchustaim nua de chuid an Aontais a chomhlíonadh.

Airteagal 21

Réamhfhógra a thabhairt sula seolfar an t-idirnasc

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún 1 mhí roimh ré, ar a laghad, maidir leis an rún atá acu an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh le CSW-CERTEX AE;

(b) idirnascadh a dtimpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam le CSW-CERTEX AE a nuashonrú.

2. Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, tabharfaidh an Coimisiún cúnamh do na Ballstáit. lena n-áirítear trína áirithiú go ndéanfar na gníomhaíochtaí teicniúla agus oibríochtúla is gá ar CSW-CERTEX AE nó ar chórais neamhchustaim ábhartha an Aontais.

3. Tar éis an idirnasctha, údaróidh an Coimisiún do Bhallstát CSW-CERTEX AE a úsáid chun faisnéis a mhalartú lena thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear san áireamh san fhógra dá dtagraítear i mír 1 an t-am is gá chun na timpeallachtaí ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam a idirnascadh le CSW-CERTEX AE.

5. De mhaolú ar mhír 3, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún a údarú do Bhallstát CSW-CERTEX AE a úsáid chun faisnéis a mhalartú lena thimpeallacht ionaid ilfhreastail náisiúnta maidir le custam má tá an t-idirnasc feidhmiúil, ach mura bhfuil sé críochnaithe.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA DEIRIDH

Airteagal 22

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 20(2) ón 3 Márta 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2145/oj

IARSCRÍBHINN I

TÁBLAÍ RIALACHA

Faisnéis ghinearálta

Sonraítear sna táblaí rialacha seo a leanas na nósanna imeachta custaim, na cineálacha ath-onnmhairithe agus dearbhaithe faoinar cheart foirmiúlacht neamhchustaim a fhíorú, agus na cásanna inar cheart bainistiú cainníochta a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme. Ina theannta sin, léirítear sna táblaí an cinneadh nó an stádas riaracháin inghlactha a bhaineann le foirmiúlacht neamhchustaim le haghaidh nósanna imeachta custaim sonracha, cineálacha ath-onnmhairithe agus dearbhaithe.

Léirítear sa cholún 'custam' sa tábla na nósanna imeachta custaim agus an t-ath-onnmhairiú trí úsáid a bhaint as na cóid seo a leanas i gcló **trom**:

01: Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a athsheoladh go comhuaineach i gcomhthéacs na trádála idir codanna de chríoch chustaim an Aontais ina bhfuil feidhm ag forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([1]) nó Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ([2]) agus codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu, nó i gcomhthéacs na trádála idir codanna den chríoch sin nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin iontu.

02: Saorchúrsaíocht earraí d'fhonn an phróiseáil isteach a chur i bhfeidhm.

07: Earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht a chuirtear go comhuaineach faoi nós imeachta stórasaithe seachas nós imeachta stórasaithe custaim i gcás nach bhfuil CBL ná, nuair is infheidhme, dleachtanna máil íoctha.

10: Onnmhairiú buan.

11: Táirgí próiseáilte a fhaightear ó earraí coibhéiseacha faoi phróiseáil isteach a onnmhairiú sula gcuirtear earraí neamh-AE faoi phróiseáil isteach.

21: Onnmhairiú sealadach faoin nós imeachta próiseála amach, mura gcumhdaítear le cód 22 é.

22: Onnmhairiú sealadach seachas an t-onnmhairiú sealadach dá dtagraítear faoi chóid 21 agus 23.

